

Targaireacht Osee

Ciallaíonn an ainim “Osee”, nú “Hosea”, Slánaitheóir. B’é an chéad duine é, de réir aimsire, de sna fáidhíbh ar a dtugtar, de ghnáth, na fáidhí beaga, toisc a dtargaireachtaí a bheith géarr. Bhí sé ag targaireacht i ríocht Israél, .i. i ríocht na ndeich dtreabh, tímpall na haimsire céanna ’na raibh Isaias ag targaireacht i ríocht Iúda.

Caib. a hAon

Le striapaign a phósadh, agus le hainmneachaibh a chlainne cuireann an fáidh in úil drochghníomhartha Israél agus a bpionós. Targaireann sé Críost dhá bhfuascailt.

1 Briathar an Tiarna a tháinig chun Osee mac Bheerí, i laethibh Osiais, agus Ioatain, agus Achais, agus Esehiais, ríthe Iúda, agus i laethibh Ieroboaim, mac Ioais, rí Israél.

2 Tosach labhartha don Tiarna trí Osee: agus duairt an Tiarna le hOsee. Imigh agus tóg chút bean striapachais¹, agus bíodh agat uaithi sin clann striapachais: óir imeoidh an tír ón dTiarna le striapachas. 3 Agus d’imigh sé agus thóg sé Gomer iníon Debelaim. Agus do ghoibh sí agus do rug sí mac do. 4 Agus duairt an Tiarna leis: Tabhair Iesrael mar ainm air, óir beagán aimsire fós agus agródsa fuil Iesrael ar theaghlach Iehú, agus cuirfead ’ fhéachaint ar theaghlach ríochta Israél stad, 5 agus sa ló san brisfead go mion bogha Israél i ngleann Iesrael.

6 Agus do ghoibh sí arís, agus do rug sí iníon, agus duairt sé leis: Tabhair Gan Trócaire² mar ainm uirthi, óir ní dhéanfadsa a thuilleadh³ trócaire ar theaghlach Israél, ach dearúdfad iad glan. 7 Agus déanfadh trócaire ar theaghlach Iúda agus sábhálfad iad trína dTiarna Dia, agus ní le bogha do shábhálfad iad, ná le claíomh, ná le cath, ná le heachra, ná le marcachaibh.

8 Agus do dheighil sí í sin dár bh ainm Gan Trócaire. Agus do ghoibh sí agus do rug sí mac. 9 Agus duairt sé: Tabhair mar ainm air: Pobal nách liom⁴, óir ní pobal liomsa sibhse, agus ní bheadsa agaibhse. 10 Agus beidh uimhir⁵ clainne Israél mar ghainimh na farraige atá gan tóimhas agus a bheidh gan cómhaireamh. Agus beidh so, san áit ’na ndéarfad leó: Ní pobal liomsa sibhse, go ndéarfad leó: Is sibhse clann mhac Dé atá beó. 11 Agus baileófar clann Israél agus clann Iúda i dteannta ’ chéile agus ceapfaidh siad dóibh féin aon cheann amháin⁶, agus tiocfaid siad aníos as an dtír: óir is mór é lá Iesrael.

Caib. a Dó

Pionós le ceart ar Israél mar gheall ar imeacht ó Dhia. Iomadúlacht ghrásta Dé in eaglais Chríost.

1 Caib. 1. véar. 2. “*Bean striapachais*” .i. bean a bhí tugtha do striapachas. Do deineadh san chun a chur i gcéill cad a dhéanfadh an Tiarna lena phobal Israél a bhí coitianta ag cur feirge air le striapachas sprideálta.

—*Ibid.* “*Clann striapachais*”. Tugtar san orthu mar gheall ar chluí a máthar, nú b’fhéidir an drochmhianach céanna ’ bheith iontu féin.

2 Véar. 6. “*Gan Trócaire*”. Lo-Ruhamah.

3 **Manuscript unclear if it is a thuilleadh or tuilleadh.**

4 Véar. 9. “*Pobal nách liom*”. Lo-ammi.

5 Véar. 10. “*Uimhir*”, .i. uimhir na bhfíor-Israelíteach, .i. uimhir clainne eaglaise Chríost.

6 Véar. 11. “*Aon cheann amháin*”, .i. Críost.

—*Ibid.* “*Is mór é lá Israél*”, .i. lá síolraigh Dé, óir ciallaíonn “Iesrael” “síolrach Dé”.

1 Abraidh lenúr mbráithribh⁷: Sibhse mo phobalsa, agus abraidh lenúr ndrífir: Tá trócaire fálta agat.

2 Tugaidh breith ar úr máthair⁸, tugaidh breith uirthi: óir ní hí mo bheansa í, ná ní mise a fear san. Cuireadh sí uaithi a striapachas óna haghaidh, agus a hadhaltranas ó idir a dhá cí, 3 le heagla go nochtfaínn gan éadach í, agus go gcuirfinn í sa riocht 'na raibh sí an lá do rugadh í: agus déanfad fiantas di, agus cuirfead í i riocht ná féadfaidh éinne gabháil tríthi, agus cuirfead chun báis í le tíormacht. 4 Agus ní dhéanfad trócaire ar a claínn, óir is clann striapachais iad. 5 Óir tá striapachas déanta ag á máthair, í sin a ghoibh iad tá sí clúdaithe le náire: óir duairt sí: imeód i ndiaidh mo lucht grá, iad san a thugann mo chuid aráin dom, agus mo chuid uisce, agus mo chuid olla, agus mo chuid linn, agus mo chuid íle, agus mo dheoch.

6 Mar gheall air sin fálfad le deilgnibh do shlí, agus dúnfad suas í le falla, agus ní bhfaighidh sí eólas ar a cosánaibh. 7 Agus beidh sí ag imeacht i ndiaidh a lucht grá, agus ní thiocfaidh sí suas leo: agus beidh sí dhá lorg agus ní bhfaighidh sí iad, agus déarfaidh sí: Imeód agus raghad thar nais ag triall ar mo chéad fhear, óir dob fheárr a bhí an scéal agam an uair sin ná mar atá anois. 8 Agus ní raibh ' fhios aici sin gur mise ' thugadh di arbhar agus fíon agus íle, agus gur me do mhéadaíodh a cuid airgid agus óir, an t-airgead agus an t-ór a dh'úsáideadar i seirbhís Bhaail. 9 Dá bhrí sin iompód agus tógfad chun siúil mo chuid arbhair 'na thráth féinig, agus mo chuid fíona 'na thráth féinig, agus leogfad saor mo chuid olla agus mo chuid lín a bhíodh ag clúdadh a náire. 10 Agus anois nochtfad a díth céille fé shúilibh a lucht grá, agus ní shaorfaidh aon fhear í amach as mo láimh. 11 Agus cuirfead ' fhéachaint ar a gáirdeachas go léir stad, a solamnachtaí, a réanna nua, a sabóidí, a tráthanna féile go léir. 12 Agus loitfead a fíniúna, agus a craínn fíge, na craínn ar a ndeireadh sí: Sid iad an cúiteamh a thug mo lucht grá dhom. Agus cuirfead i riocht foraoise í, agus íosfaid beithígh an mhachaire í. 13 Agus agród uirthi laethanta Bhaalim, go mbíodh sí ag dó túise chuige, agus dhá hórnaídiú féin lena fáinnibh cluas, agus lena seóidibh, agus í ag imeacht i ndiaidh a lucht grá, agus dearúd aici á dhéanamh díomsa, adeir an Tiarna.

14 Dá bhrí sin, féach, meallfad í⁹, agus seólfad isteach san uaigneas í, agus labharfad lena croí. 15 Agus tabharfad di fionadóirí as an áit gcéanna, agus gleann Achoir mar oscailt dóchais. Agus beidh sí ag cantainn ann mar a bhíodh sí i laethaibh a hóige, agus in sna laethibh 'na dtáinig sí amach a tír na hÉigipte.

16 Agus titfidh amach sa ló san go dtabharfaidh sí orm: M'fhear pósta¹⁰, agus ná tabharfaidh sí orm a thuilleadh, Baali. 17 Agus tógfad ainmmeacha Bhaalim¹¹ amach as a béal, agus ní bheidh cuímhne aici a thuilleadh ar a n-ainm. 18 Agus déanfad connradh leo sa ló san, le beithígh an mhachaire, agus le héanlaithibh an aeir, agus le rudaí snámhacha na talún: agus ídeód an bogha, agus an claíomh, agus cogadh, as an dtír, agus cuirfead ' fhéachaint orthu codladh ar a socracht. 19 Agus glacfad thusa chúm mar chéile¹² go deó, agus glacfad chúm thu mar chéile i bhfíoraontacht, agus i mbreithiúntas, agus i dtrócaire, agus in atrua. 20 Agus glacfad chúm mar

7 Caib. 2. véar. 1. "Abraidh lenúr mbráithribh" &c. Nú, tugaidh ar úr mbráithribh, Mo phobal; agus tugaidh ar úr ndrífir: Í sin a fuair trócaire. Tá baint ag an gcainnt sin le deireadh an chaibidil dheireanaigh agus tráchtann sí ar na daoineibh a dh'iompaíodh chun creidimh na nGiúdach.

8 Véar. 2. "Úr máthair", .i. an tsionagóg.

9 Véar. 14. "Meallfad í". Tar éis an fhíll go léir atá déanta aici beidh me fós dhá mealladh lem ghrásta, &c. Agus cuireadh "fionadóirí" chúithi, .i. na haspail: a clann féin ar dtúis, na daoine a dh'osclóidh di gheataí an dóchais; fé mar a thit amach di roimis seo ag teacht isteach di sa talamh geallta, nuair ' éirigh gach aon rud léi go maith nuair a shásaimh sí ceart Dé le bás Achain i ngleann Achoir. (Íós. 7)

10 Véar. 16. "M'fhear pósta". San Éabhras, "Isi". "Baali", "a* Thiarna". Sid é brí na cainnte: nuair a bhíodh mná ag labhairt lena bhfearaibh an uair úd go ndeirdís "Isi" nó "Baali", an dá fhocal mar a chéile; ach nárbh fholáir don tsionagóg, ó b'é toil Dé a chéile féin do thabhairt uirthi, "Isi" do rá leis i gcónaí, agus gan "Baali" do rá leis in aon chor, mar gheall ar an gcosmhalacht a bhí idir "Baali" agus "Baal", ainm an íodail.

11 Véar. 17. "Baalim". San uimhir iolra atá an focal. Bhí a lán d'íodalaibh Bhaail ann.

12 Véar. 19. "Glacfad thusa chúm mar chéile". Baineann an chainnt sin leis an eaglais, .i. céile Chríost. Ceangal ná scaoilfar choíche is ea cúing phósta Chríost agus na heaglaise.

chéile thu i gcreideamh; agus beidh ' fhios agat gur me an Tiarna. 21 Agus tiocfaidh chun cinn sa ló san: bead ag éisteacht, adeir an Tiarna, bead ag éisteacht leis na spéarthaibh¹³, agus beidh na spéartha ag éisteacht leis an dtalamh. 22 Agus beidh an talamh ag éisteacht leis an arbhar, agus leis an bhfion agus leis an íle, agus beid siad san ag éisteacht le Iesrael, 23 agus síolód chúm í sa chré, agus déanfad trócaire uirthi sin a bhí gan trócaire. 24 Agus déarfad leis an ní ba Phobal nár liom¹⁴: is tusa mo phobalsa: agus déarfad siad san: Is tusa mo Dhia-se.

Caib. a Trí

Ordaítear don fháidh arís grá ' thabhairt do striapaigh: ag ciallú an ghrá a thug Dia don tsionagóg: an cor ainnis a bheidh ar na Giúdaígh ar feadh i bhfad, go dtí fé dheireadh go nglacfaid siad an creideamh.

1 Agus duairt an Tiarna liom: Imigh arís agus tabhair grá do mhnaoi go bhfuil grá ag á caraid di, agus atá 'na hadhaltranaigh: fé mar atá grá ag an dTiarna do chlaínn Israél, agus iad san ag féachaint chun déithe iasachta agus a ndúil curtha acu i mogallaibh na gcaor. 2 Agus cheannaíos dom féin í ar chúig phíosa dhéag airgid agus ar chóir eórnan agus ar leath-chóir eórnan. 3 Agus duairt léi: Fanfairse liomsa mórán laethanta. Ní bheidh tú id striapaigh, ná ní bheidh tú ag aon fhear, agus fanfadsa leatsa, leis.

4 Óir beid clann Israél 'na suí ar feadh mórán laethanta gan rí, gan phriúnsa, gan íbirt, gan altóir, gan *ephod*, gan *teraphim*¹⁵. 5 Agus 'na dhiaidh sin fillfid clann Israél, agus loirceoid siad a dTiarna Dia agus a rí Dáivid¹⁶, agus beidh a n-eagla chun Dé agus chun a mhaitheasa in sna laethibh deirineacha.

Caib. a Ceathair

Breithiúntas ar pheacaibh Israél. Foláramh á thabhairt do Iúda gan a sampla san do leanúint.

1 Éistídh le briathar an Tiarna, a chlann Israél, óir raghaidh an Tiarna i mbreithiúntas le daoine na tíre, óir níl firinne, ná níl trócaire ná níl aithne ar Dhia sa tír. 2 Táid mallachtaí, agus éitheach, agus dúnmharú, agus bradaíol, agus adhaltranas, tar eis iomadú, agus fuil tar éis teangmháil le fuil. 3 Dá bhrí sin beidh gach duine dá bhfuil sa tír dá chloí, mar aon le beithigh an mhachaire agus le héanlaithibh an aeir. 'Sea agus éisc na farraige, leis, cruinneófar iad i dteannta ' chéile.

4 Ach bíodh go bhfuil san amhlaidh ná tugtar breith¹⁷ ar aon duine, agus ná lochtaítear aon duine, óir is ionann do phobal agus iad san a dheineann bréagnú ar an sagart, 5 Agus titfir ar lár inniu, agus titfidh an fáidh ar lár mar aon leat. Tá curtha ' fhéachaint agam ar mo mháthair, san oíche, bheith ciúin.

6 Bhí mo phobal ciúin mar ní raibh aon eólas acu: toisc gur chuiris uait eólas cuirfeadsa uaim thusa, i gcás ná beidh tú ag déanamh oibre sagairt dom: agus tá dearúd déanta agat de dhlí do Dhia, agus déanfadsa dearúd ded chlaínne. 7 De réir a líonmhaireachta atáid siad tar éis an pheaca ' dhéanamh im choinnibh: athród a nglóire chun náire. 8 Íosfaid siad peacaí mo dhaoine, agus tógfaid siad suas a n-anamnacha chun a mallaitheachta. 9 Agus is amhlaidh a bheidh an scéal acu ná, mar atá an sagart is ea atá an pobal. Agus agróds a slite orthu, agus cúiteód a

13 Véar. 21. "Bead ag éisteacht leis na spéarthaibh". .i. Beidh gach aon rud ag obair ar mhaithe leis an eaglais, ar a dtugtar "Iesrael" sa véarsa atá ag teacht. Agus ciallaíonn Iesrael "síol Dé".

14 Véar. 24. "Ba phobal nár liom". Baineann an chainnt sin le teacht na ngeinte chun an chreidimh.

15 Caib. 3. véar. 4. "Teraphim", .i. iomhatha, nú samhaltaisí.

16 Véar. 5. "A rí, Dáivid", .i. Críost, mar is de shliocht Dháivid Críost.

17 Caib. 4. véar. 4. "Ná tugtar breith". Chómh maith lena rá: Ní haon mhaith bheith leó, ná bheith ag tabhairt cómhairle dhóibh, táid siad chómh haimhleasta san.

mbeartúchán leó. 10 Beid siad ag ithe agus ní líonfar iad. Bhíodar ag déanamh an adhaltranais agus níor stadadar, mar táid siad tar éis an Tiarna do thréigean le gan bheith cimeádtach (ar an ndlí).

11 Tógann striapachas agus fíon agus meisce an tuiscint chun siúil. 12 Táid mo dhaoine tar éis cómhairle ' dh'iarraidh ar a mblocaibh adhmaid, agus tá a gleith tar éis ruda ' dh'insint dóibh, óir tá sprid na drúise tar éis iad do mhealladh, agus tá striapachas déanta acu in aghaidh a nDia. 13 Dheinidís íbirtí ar bharráibh na sliabh. Do dhóidís túis ar na cnucaibh: agus fé an ndair, agus fén gcrann crithir, agus fén gcrann giúise, mar ba mhaith a scáil: dá bhrí sin beid úr n-iníonacha ag déanamh striapachais agus úr mná pósta 'na n-adhaltranachaibh. 14 Ní agródsa ar úr n-iníonachaibh é nuair a dhéanfaid siad striapachas, ná ar úr mnáibh pósta nuair a dhéanfaid siad adhaltranais: mar do dheinidís féin an gníomh le striapachaibh, agus dheinidís íbirtí mar aon le lucht truaillíochta, agus geófar (de mhaide) ar an bpobal na tuigeann.

15 Má dheineann tusa striapachas, a Israél, ná deineadh Iúda an choir, pé'r domhan é. Agus ná téidh isteach i nGalgal¹⁸, agus ná tagaidh aníos go dtí Betaven, agus ná bídh ag dearbhú: Is beó an Tiarna.

16 Óir tá Israél imithe ar fán mar ' bheadh samhaisc a bheadh fé dháir: anois a chothóidh an Tiarna iad ar nós an uain sa bhfairsinge. 17 Tá Ephraim páirteach le híodalaibh; scaoil leis. 18 Tá a bhfleadh deighilte. Táid siad imithe amú le striapachas. An mhuintir gur cheart dóibh iad do chosnamh b'é a ndúil náire ' thabhairt orthu. 19 Tá an ghaoth tar éis iad do ghabháil suas 'na sciathánaibh, agus curfar ar mearaí iad mar gheall ar a n-íbirtíbh.

Caib. a Cúig

Dia ag bagairt pionóis ar na sagartaibh, agus ar na daoine, agus ar phríúnsaibh Israél, mar gheall ar íodaladhradh.

1 Éistidh leis seo, a shagartaibh¹⁹, agus cuiridh cluas oraibh féin, a theaghlach Israél, agus tugaidhse cluas, a theaghlach an rí: óir tá breithiúntas 'núr gcoinnibh, óir do bhíúir 'núr ngaiste do sna daoine go raibh ' fhéachaint oraibh bheith ag tabhairt aire dhóibh, agus bhíúir 'núr líon leata amach ar Thabor. 2 Agus táthaoi tar éis *victimí* do chasadh i leataoibh isteach sa doimhneas. Agus mise a dteagascóir go léir. 3 Tá aithne agam ar Ephraim, agus níl Israél i bhfolach uaim: óir tá striapachas déanta anois ag Ephraim. Tá Israél truaillithe. 4 Ní shocróid siad a smaointe chun iompáil ar a nDia, óir tá sprid an striapachais 'na lár agus níl aithne curtha acu ar an dTiarna. 5 Tabharfaidh díomas Israél freagra san aghaidh air, agus titfidh Israél agus Ephraim 'na mallaitheacht féinig, agus titfidh Iúda, leis, in éineacht leó. 6 Beid siad ag imeacht, lena dtréadaibh agus lena mbuar, ag lorg an Tiarna agus ní bhfaighid siad é: Tá sé tógtha uatha. 7 Tá iomarbhas déanta acu in aghaidh an Tiarna, óir tá clann iasachta²⁰ tuismithe acu. Ídeóidh mí iad féin agus a gcoda anois.

8 Séididh an adharc i nGabaa; séididh an trúmpa i Rama: bídh ag blaidhthrigh i mBetaven, laistiar ded dhrom, a Bheniamín. 9 Beidh Ephraim in' uaigneas lá an lochtaithe (imdhéargtha). An ní atá le teacht go deimhin i dtreabhaibh Israél tá sé taispeánta agam. 10 Táid príúnsaí Iúda mar ' bheadh

18 Véar. 15. "Galgal", "Betaven", áiteanna iad san 'na mbíodh íodail dá n-adhradh. "Betel". Ciallaíonn an focal san "tigh Dé" agus tugann an fáidh "Betaven" air, .i. "tigh na baoise", mar is ann a chuir Ieroboam suas an gamhain óir, chun go n-adharfadh na daoine é agus ná beidís ag dul go dtí Ierúsalem chun Dia d'adhradh.

19 Caib. 5. véar. 1. "A shagartaibh". An méid adeirtear ar shagartaibh sa chaibideal san is ar shagartaibh Israél is mó adeirtear é. Níor shagairt iad in aon chor le ceart. Níor bhaineadar le sliocht Aaroin. Ní raibh iontu ach sagairt a ceapadh chun bheith ag adhradh na ngamhan óir a chuir Ieroboam suas i mBetel agus i nDan.

20 Véar. 7. "Clann iasachta" .i. clann atá iasachta ó Dhia, .i. ná baineann le Dia agus atá, dá bhrí sin, le dísciú go luath.

lucht teórann do thógaint²¹ suas. Scaoilfeadsa amach mo dhíbheirg orthu ar nós uisce. 11 Tá Ephraim ag fulag éigin, tá sé briste i mbreithiúntas: óir do thosnaigh sé ar dhul i ndiaidh an tsalachair. 12 Beadsa mar ' bheadh leamhan d'Ephraim, agus mar ' bheadh lobhadh do theaghlach Iúda. 13 Agus do chonaic Ephraim a chloíteacht féinig, agus do chonaic Iúda a chuibhreach féinig: agus chuaigh Ephraim ag triall ar an Assuíriánach, agus chuir sé teachtaire chun rí an díoltais: agus ní fhéadfaidh sé sibh do leigheas: ní lú ná mar ' fhéadfaidh sé an chuibhreach a bhaint díbhse. 14 Óir beadsa mar a bheadh león bhaineann d'Ephraim agus mar ' bheadh cat leóin do theaghlach Iúda. Mise, mise, béarfad greim agus imeód, béarfad chun siúil, agus níl éinne ' dh'fhéadfaidh teasargan. 15 Imeód thar n-ais chun m'áite féinig: go dtí go mbeidh sibh cloíte agus ag lorg m'aghaidh.

Caib. a Sé

Cruatan ag tabhairt a lán daoine chun Críost. Gearán á dhéanamh ar stuacacht na nGiúdach. Is annsa le Dia trócaire ná íbirt.

1 'Na gcruatan beid siad ag éirí go moch chúm: téanam agus téimis thar n-ais ag triall ar an dTiarna, 2 óir do thóg sé sinn agus cneasóidh sé sinn. 3 Buailfidh sé agus leighisfidh sé sinn. Aithbheófaidh sé sinn tar éis dhá lá. Tógfaidh sé suas sinn an tríú lá agus beimid beó 'na radharc. Aithneóimid agus leanfaimid ar aghaidh i dtreo go gcuirfimid aithne ar an dTiarna. Tá a dhul amach ollamh ar nós solais na lóchainte (maidine), agus beidh sé ag teacht chúinn ar nós na fearthana luaithe agus na fearthana déanaí ar an dtalamh.

4 Cad a dhéanfad leat, a Ephraim? Cad a dhéanfad leat, a Iúda? Tá úr dtrócaire mar an scamall ar maidin, agus mar an drúcht a dh'imíonn ar maidin. 5 Dá dheascaibh sin a bhínn dhá ngearradh leis na fáidhíbh, agus dhá marú le bréithribh mo bhéil, agus beidh do bhreitheanna ag dul amach ar nós an tsolais. 6 Óir ní híbirt a bhí uaimse ach trócaire, agus ní *holocauistí* a bhí uaim ach aithne ar an dTiarna. 7 Ach táid siad san, ar nós Adaim, tar éis mo chonnartha do shárú. Sa ní sin atá cam déanta acu orm. 8 Cathair le lucht oibrithe íodal is ea Galaad, sáraithe le fuil²², 9 agus ar nós corrán lucht foghla, bíd siad i gcómhcheilg leis na sagartaibh a bhíonn ar an slí ag marú na ndaoine a bhíonn ag dul amach a Sicheim: óir tá mallaitheacht déanta acu: 10 do chonac rud scannrúil i dteaghlach Israél, striapachasaí Ephraim ann. Tá Israél truaillithe. 11 Agus tusa, leis, a Iúda, socraigh fómhar duit féin, nuair a thabharfadsa braighdineas mo phobail thar n-ais.

Caib. a Seacht

Iomarca peacaí Israél, agus iomarca peacaí ríthe Israél, ag cosc an Tiarna ar iad do leigheas.

1 Nuair ba thoil liom Israél do leigheas do tháinig peacaí Ephraim chun solais, agus mallaitheacht Shamaria. Óir tá éitheach déanta acu, agus tá an bithiúnach tagaithe isteach chun gadaíochta, agus tá an fóghlaí amu'. 2 Agus le heagla go ndéarfaidís 'na gcroithibh go bhfuil cuímhne agam ar a mallaitheacht: tá* a mbeartúcháin féinig tar éis gabháil timpall orthu. Táid siad déanta acu os cómhair mo ghnúise. 3 Tá áthas curtha acu ar an rí²³ lena mallaitheacht, agus ar na príúnsaibh lena mbréagaibh. 4 Lucht adhaltranais is ea iad go léir, mar ' bheadh oigheann a bheadh te ag báicéir. Do stad an chathair tamall beag de mheascadh an ghiosta go dtí go raibh an iomláine

21 Véar. 10. "Lucht teórann do thógaint". .i. daoine do dh'aistríonn an teóra, chun cuid de thalamh a gcómharsan do thógaint. I samhantas, curtar i gcéill go mbíd siad ag dul thar teóirinn dlí Dé.

22 Caib. 6. véar. 8. "Sáraithe le fuil", .i. bainte dá bonnaibh mar gheall ar dhortadh fola: agus, mar adeirtear sa véarsa 'na dhiaidh, mar gheall [ar]* chómhcheilg a dhéanamh leis na sagairt (.i. sagairt Bhetel) ar nós foghlaithe, chun na ndaoine a bhíodh ag dul amach a Sicheim, chun dul go Iérusalem, do mharú ar an slí. Nú ciallaíonn "sáraithe le fuil", an fhuil a bheith ar na sráidibh chómh hiomarcach san nár bhféidir do dhuine siúl ar an sráid gan satailt sa bhfuil.

23 Caib. 7. véar. 3. "Tá áthas curtha acu ar an rí", mar shásamh ar Ieroboam, agus ar na ríthibh eile a bhí os a gcionn, do thugadar iad féin suas don íodaladhradh. Bréag is ea íodaladhradh. Do chuir an bhréag san áthas ar an rí agus ar na príúnsaibh, ach do chuir sí fearg ar Dhia.

giostaithe. 5 Lá ár rí, do chrom na príúnsaí ar bheith ar buile le fion: do shín sé a lámh amach mar aon le lucht scige. 6 Toisc gur thugadar a gcroí ar nós oighin nuair a leath sé na líonta dhóibh: do chodail sé an oíche go léir dhá mbeiriú, bhí sé féinig chómh te ar maidin le tine ar lasadh. 7 Bhíodar go léir te ar nós oighin, agus táid a mbreithiúin ite acu. Táid a ríthe go léir ar lár: níl éinne ar a measc a ghlaonn ormsa. 8 Tá Ephraim féinig meascaithe ar na geintibh. Tá Ephraim 'na chiste gríosaidh ná hiompaítear. 9 Tá a neart ite ag eachtrannaibh agus gan a fhios aige. Tá, agus ribí liatha leata amach air agus gan a fhios aige. 10 Agus ísleófar uabhar Israél os cómhair a shúl: agus níl iompaithe acu ar a dTiarna Dia, ná níor loirgeadar é in sna nithibh sin go léir. 11 Agus tá Ephraim mar a bheadh colúr a meallfí agus gan aon chroí aige. Do ghlaodar chun na hÉigipte, chuadar ag triall ar an hAssuíriánaibh. 12 Agus nuair a dh'imeóid siad leathfadsa mo líon orthu. Tabharfad anuas iad ar nós éin an aeir. Buailfead iad fé mar a dh'airigh a bpobal.

13 Maírg dóibh óir d'imíodar uaimse: déanfar íde orthu toisc gur dheineadar iomarbhás im aghaidhse: agus agus d'fhuasclas iad, agus do leabhradar bréaga im choinnibh. 14 Ach níor ghlaodar orm óna gcroí, ach bhíodar ag uallthartaigh 'na leapachaibh: ar an gcrithneacht agus ar an bhfion a bhíodar ag cuímhneamh, agus táid siad imithe uaimse. 15 Agus do smachtaíos iad, agus chuireas neart 'na gcuisleannaibh, agus do bheartaíodar drochní im choinnibh. 16 D'iompaíodar i dtreó go mbeidís gan chúing. Do dhein mar ' bheadh bogha cam díobh. Titfid a bpríúnsaí leis an gclaiómh trí mhallaitheacht a dteangan. Sin é a scige i dtír na hÉigipte.

Caib. a hOcht

Íde á bhagairt ar na hIsraelítigh mar gheall ar a n-easpa cráifeachta agus ar a n-íodaladhradh.

1 Bíodh trúmpan id scórnaigh ar nós fiolair ar bhuaic tí an Tiarna: óir táid siad tar éis mo chonnartha do shárú agus mo dhlí do bhriseadh. 2 Beid siad ag gloach orm: A Dhia, sinne Israél agus tá aithne againn ortsa. 3 Tá an ní is maith caite uaidh ag Israél, agus beidh an namhaid ar a thóir. 4 Ghlacadar réim ach ní tríomsa é. Priúnsaí ab ea iad ach níorbh eól dómhsa san. Dheineadar íodail dóibh féin dá gcuid airgid, agus dá gcuid óir chun íde ' thabhairt orthu féin. 5 Tá do ghamhain teilgte amach, a Shamaria. Tá m'fheargsa adhanta 'na gcoinnibh. Cad é an fhaid a bheid siad doghlanta? 6 Óir is a hIsraél é féin. Is ceárdaí a dhein é agus ní dia é. Óir beidh gamhain Shamaria 'na shnáithínibh rúán alla, 7 óir síolfaid siad gaoth agus bainfid siad gaoth ghuarnain. Níl aon ghas 'na sheasamh inti. Ní thabharfaidh a péac aon mhin uaithi, agus má thugann féin is eachtrannaigh a dh'íosfaidh í.

8 Do sloigeadh Israél. Tá sé anois mar ' bheadh ártach neamhghlan i measc na náisiún. 9 Óir táid siad imithe suas go hAssúria, asal fiain in' aonar leis féin: tá tabharthaistí tabhartha ag Ephraim dá lucht grá. 10 Ach bíodh go dtabharfaidís na geinte leó ar thuarastal, anois a chruinneódsá i dteannta ' chéile iad: agus glacfaid siad suaimhneas tamall ó chúram na ríthe agus na bpríúnsaí. 11 Óir tá mórán altóirí déanta ag Ephraim chun peaca. Is chun peaca altóirí dho san. 12 Scríofadsa chuige mo dhlithe iolartha do measadh a bheith 'na ndlithibh iasachta. 13 Beid siad ag íbirt *victimí*, beid siad ag íbirt feóla, agus dhá hithe, agus ní ghlacfaidh an Tiarna iad. Anois is ea ' chuímhneóidh sé ar a mallaitheacht agus d'agróidh sé a bpeacaí: raghaid siad thar n-ais san Éigipt. 14 Agus tá dearúd déanta ag Israél dá dhéantóir, agus tá teampaill curtha suas aige. Agus tá iomad cathracha daingean curtha suas ag Iúda: agus cuirfeadsa tine ar a chathrachaibh agus íosfaidh an tine tithe na gcathrach san.

Caib. a Naoi

Cruatan agus braighdineas ar Israél mar gheall ar a bpeacaibh agus ar a n-íodaladhradh.

1 Ná glac áthas, a Israél. Ná bí ag déanamh gáirdeachais ar nós na ngeinte, óir tá striapachas déanta agat in agaidh do Dhia. Chuiris dúil i dtuarastal ar gach úrlár buailte arbhair. 2 Ní

chothóidh an t-úrlár agus fáscadóir an fhíona iad. Meallfaidh an fíon iad. 3 Ní bheid siad 'na gcónaí i dtalamh an Tiarna. Tá Ephraim imithe thar n-ais san Éigipt. Táid nithe neamhghlana ite aige i measc na nAssúiríánach. 4 Ní ofrálfaid siad san fíon chun an Tiarna. Ná ní bheid siad taithneamhach do. Beid a n-íbertí ar nós aráin lucht caointe. Beidh gach éinne a dh'íosfaidh é truaillithe, óir is dá n-anam féinig a mbia, ní raghaidh sé isteach i dtigh an Tiarna. 5 Cad a dhéanfaidh sibh sa ló solmanta, i ló féile an Tiarna? 6 Óir féach táid siad imithe mar gheall ar an íde. Cruinneóidh an Éigipt i dteannta ' chéile iad. Adhlacfaidh Memphis iad. Beidh an t-airgead a thaithneann leo in oidhreacht ag an neanntóig, an chopóg mhór 'na dtaibearnacalaibh. 7 Táid laethanta an agartha tagaithe. Táid laethanta an chúitimh tagaithe. Bíodh ' fhios agat, a Israél, go raibh an fáidh in' amadán, agus go raibh an fear sprideálta ar buile, mar gheall ar iomarca do mhallaitheachta, agus ar iomarca do dhíth céille (bhuille). 8 Fear faire Ephraim i bhfochair mo Dhia. Tá an fáidh 'na ghaiste chun íde ar a shlitibh go léir. Tá buile i dtigh a Dhia. 9 Tá peaca doimhinn déanta acu mar a bhí i laethibh Ghabaa: beidh cuimhne aige ar a mhallaitheacht. Agróidh sé a bpeaca.

10 Fuaras Israél ar nós na gcaor san uaigneas. Chonac a n-aithreacha ar nós céadtorthaí an chraínn fige 'na bhárr. Ach chuadar isteach chun Beelbhegor agus d'iasachtaíodar iad féin chun náire, agus do deineadh gráinniúil iad, chómh gráinniúil leis na nithibh sin a thaithn leo. 11 Tá glóire Ephraim imithe mar ' imeódh an t-éan, ó bhreith, ó bhroínn, ó ghabháil. 12 Agus bíodh go dtógfaidís a gclann déanfadsa gan chlann iad i measc daoine. 'Sea agus mairg dóibh nuair a dh'imeód uatha. 13 Tuíre suite in áilleacht ab ea Ephraim mar a chonacsa. Agus beidh Ephraim ag tabhairt a chlainne amach chun an mharaitheóra. 14 Tabhair dóibh, a Thiarna. Cad a thabharfair dóibh? Tabhair dóibh broínn gan chlann agus cíocha tiorma. 15 Tá a mallaitheacht go léir i nGalgal mar is ann a thugas fuath dhóibh. Mar gheall ar mhallaitheacht a mbeartúchán caithfead amach as mo thigh iad. Ní thabharfad grá dhóibh a thuilleadh. Lucht ceannairce is ea a bpriúnsaí go léir. 16 Tá Ephraim buailte. Tá a bpréamh feóchta. Ní thabharfaid siad aon toradh. Agus má bhíonn sliocht orthu maród an toradh is ionúine a bheidh ar a mbroínn. 17 Caithfidh mo Dhia uaidh iad mar níor éisteadar leis, agus beid siad 'na bhfánaithibh i measc na náisiún.

Caib. a Deich

Tar éis mórán tairbhí titfidh mórán mífhoirtiúin ar na deich treabhaibh mar gheall ar a míbhaochas ar Dhia.

1 Fíniúin ghéagach Israél. Tá a chothrom de thoradh air. De réir iomarca a thoradh tá a altóracha iomadaithe aige. De réir flúirse a thalún tá flúirse íodal aige. 2 Tá a gcroí deighilte. Éagfaid siad anois: brisfidh sé agus leagfaidh sé a n-íodail, réabfaidh sé a n-altóracha. 3 Óir déarfaid siad anois: Níl aon rí againn: óir níl aon eagla roimis an dTiarna orainn agus cad ' fhéadfaidh rí a dhéanamh linn? 4 Bréithre aislinge gan tairbhe atá agaibh á labhairt, agus déanfaidh sibh connradh: agus beidh breithiúntas ag fás aníos mar ' éiríonn searús i gclasaibh na páirce. 5 Táid muintir Shamaria tar éis bheith ag adhradh gamhan Bhethaven²⁴: óir tá daoine na háite tar éis buartha ' dhéanamh os a chionn, agus bhí lucht cimeáda a theampaill ag maíomh as a ghlóire, mar (ach) tá a ghlóire imithe uaidh. 6 Mar tá sé féin, leis, bertha isteach²⁵ in Assúria, mar thabharthas don rí atá ag déanamh an díoltais. Beidh náire ar Ephraim, agus beidh mearaí ar Israél óna thoil féinig. 7 Tá Samaria tar éis a chur ' fhéachaint ar a rí imeacht ar nós cúir ar uachtar an uisce. 8 Agus ídeófar áiteanna árda an íodail, ídeófar peaca Israél. Beidh an chopóg agus an feóchadán ag fás os cionn a haltórach, agus beid siad dhá rá leis na sléibhtibh: clúdaídh sinn, agus leis na cnucaibh: Titidh anuas orainn.

24 Caib. 10. véar. 5. “Gamhan Bhetaven”, .i. na gamhna óir úd Ieroboaim.

25 Véar. 6. “Tá sé féin, leis, bertha isteach”. Do thug an rí Manahem ceann de sna gamhnaibh óir don rí Assúiríánach dár bh ainm Phul, i dtreo go gcabhródh Phul leis.

9 Tá Israél ag déanamh an pheaca ó laethibh Ghabaa: ansan a sheasaíodar. An cath i nGabaa in aghaidh clainne na mallaitheachta, ní thiochfaidh sé suas leó. 10 Smachtódsá iad de réir mo mhéinne: cruinneófar na náisiúin 'na gcoinnibh, nuair a bheid siad dá smachtú mar gheall ar an dá mhallaitheacht²⁶. 11 Colan is ea Ephraim a múineadh chun dúil a bheith aici i satailt an arbhair, ach chuas-sa treasna ar áilleacht a muiníl. Raghad ag marcaíocht ar Ephraim. Beidh Iúda ag treabhadh. Beidh Iácób ag briseadh na gclas do féinig. 12 Bídh ag cur síl i bhfioraontacht díbh féinig, agus bídh ag buaint i mbéal na trócaire. Bídh ag briseadh úr mbranair: ach nuair a thiochfaidh an té a mhúinfidh fíoraontacht díbh sin é an t-am chun bheith ag lorg an Tiarna. 13 Mallaitheacht a bhíodh agaibh á threabhadh. Mallaitheacht atá buainte agaibh. Toradh an éithigh atá ite agaibh; óir, id shlitibh do bhí do mhúinín agat as líon do dhaoine láidre. 14 Éireóidh callóid i measc do dhaoine agus réabfar do dhaingneacha go léir mar a réabhadh Salmana²⁷, trí theaghlach an fhir sin a thug breith ar Bhaal i ló an chatha, nuair a briseadh an mháthair anuas ar an gcláinn: 15 Sin mar atá déanta ag Betel libhse mar gheall ar olcas úr mallaitheachta.

Caib. a hAondéag

Dia ag bagairt díoltais fós ar Israél mar gheall ar an míbhaochas. Ach mar sin féin ní idéoidh sé ar fad iad.

1 Mar a dh'imíonn an mhaidin atá rí Israél imithe chun siúil. Óir leanbh ab ea Israél agus bhí cion agam air agus do ghlaos mo mhac²⁸ as an Éigipt. 2 Do ghlaodar orthu²⁹ agus d'imíodar óna n-aghaidh. Bhíodar ag íbirt *victimí* chun Baalim, agus ag déanamh íbirtí chun íodal. 3 Agus bhíos-sa im athair altrama do Ephraim. Do bheirinn liom ar mo bhaclainn é, agus ní raibh ' fhios acu go mbínn dhá leigheas. 4 Tarraiceód iad le téadaibh Adaim, le ceanglaibh grá, agus beidh mé dhóibh mar ' bheadh duine do bheadh ag baint na cuinge dá gcorránaibh. Agus do chuirinn a chuid bídh chuige le n-ithe. 5 Ní raghaidh sé thar n-ais i dtír na hÉigipte, ach beidh an tAssúiríánach 'na rí air, mar níor thoil leó iompáil. 6 Tá an claíomh tar éis tosnú 'na chathrachaibh, agus idéoidh sé a fhéara tofa, agus íosfaidh sé a gcínn. 7 Beid mo dhaoine ag tnúth lem theacht thar n-ais: ach curfar cúing orthu i dteannta ' chéile agus ní bainfar díobh í.

8 Cad a dhéanfad leatsa, a Ephraim? An gcosnód thu, a Israél? Conas a dhéanfad thu ar nós Adama³⁰? An gcuirfead thu ar nós Sheboin? Tá mo chroí iompaithe istigh ionam. Tá m'aithreachas múiscilte. 9 Ní chuirfead buile m'fheirge i bhfeidhm. Ní chasfad chun Ephraim a dhísciú, óir is mise Dia agus ní duine me: an tAon Naofa id lár, agus ní raghad isteach sa chathair. 10 Beid siad ag siúl i ndiaidh an Tiarna, beidh sé ag búirthigh ar nós leóin: óir beidh sé ag búirthigh, agus beidh eagla ar chláinn na mara, 11 agus beid siad ag gluaiseacht chun siúil ar nós éin as an Éigipt agus ar nós colúir as tír na nAssúiríánach: agus cuirfeadsa 'na dtithibh féinig iad, adeir an Tiarna.

12 Tá Ephraim tar éis gabháil mórthimpall orm le diúltú, agus teaghlach Israél le feall. Ach do chuaigh Iúda síos mar fhínné le Dia, agus tá sé dílis mar aon leis na naoimh.

Caib. a Dódhéag

Israél dá imdheargadh mar gheall ar a pheacaibh. Na nithe fóna a dhein Dia dhóibh.

26 Véar. 10. "An dá mhallaitheacht", .i. an dá ghamhain.

27 Véar. 14. "Salmana". Rí na Midianíteach. Do scrios Gideon agus a mhúintir an rí sin, agus do tugtú "Ierubaal" ar Ghideon toisc gur leag sé altóir Bhaail. Sin mar a thug sé "breith ar Bhaal". (Breithiúin, a sé, a hocht).

28 Caib. 11. véar. 1. "Do ghlaos mo mhac", .i. Israél. Ach ba shamhaltas glaoch Israél as an Éigipt ar ghlaoch Chríost as an Éigipt 'na dhiaidh san: dá bhrí sin tá an chainnt fíor i dtaobh Chríost, leis, mar a chítear ó Mhatt. 2:15.

29 Véar. 2. "Do ghlaodar orthu", .i. bhí Maois agus Aaron ag glaoch orthu, ach níor éisteadar leó ach imeacht i ndiaidh déithe eile.

30 Véar. 8. "Adama". Dhá chathair in aice le Sodom ab ea Adama agus Seboim, agus d'imigh orthu mar ' imigh ar chathair Sodoim. Tháinig an idé chéanna orthu.

1 Is ag ithe na gaoithe a bhíonn Ephraim, agus leanann sé an brothall mór. I gcaitheamh an lae go léir bhíodh sé ag iomadú éithigh agus léisciosa: agus tá connradh déanta aige leis na hAssúiríanachaibh, agus bhíodh sé ag breith íle síos san Éigipt. 2 Dá bhrí sin tá breith ón dTiarna chun Iúda, agus agairt le déanamh ar Iácób. Cúiteoidh sé leis de réir a shlite agus de réir a bheartúcháin. 3 Do sháraigh sé a dhriotháir sa bhroinn. Lena neart d'éirigh leis in aghaidh an aingil. 4 Do bhuaigh sé ar an aingeal agus do neartaíodh é. Do ghoil sé agus chuir sé achainí chuige: do fuair sé i mBetel é agus san áit sin do labhair sé linne. 5 Tiarna Dia na sló féin, an Tiarna, is é a *mhemoriále* é. 6 Dá bhrí sin, iompaighse chun do Dhia. Cimeád trócaire agus breithiúntas, agus bíodh do mhúinín as do Dhia agat i gcónaí. 7 'Na Chanaan do tá meadh bhréagach 'na láimh aige. Do thaithn an éagóir riamh leis. 8 Agus duairt Ephraim: Ach do shaibhríos. Tá íodal fachta agam dom féin. Ní fhéadfaidh mo shaothar go léir an mhallitheacht atá déanta agam a dh'fháil dom. 9 Agus mise, do Thiarna Dia ó thír na hÉigipte, a chuirfidh id chónaí thu fós i dtaibearnacalaibh mar a bhíothá i laethibh na féile.

10 Agus do labhras trí sna fáidhíbh, agus d'iomadaíos aislingí, agus dheineas úsáid de shamhaltasaibh trí sheirbhís na bhfáidhí. 11 Más íodal Galaad³¹ is in aistear a bhíodar súd i nGalgal ag ofráil íbirtí le damhaibh: óir táid a n-altóreacha san, leis, mar ' bheadh cárnáin i gclasaibh na páirce. 12 Do theith Iácób isteach i dtír Shúiria, agus dhein Israél seirbhís ar son mná, agus bhí sé 'na chimeádaí ar son mná. 13 Ach do thug an Tiarna Israél as an Éigipt le fáidh, agus is le fáidh a sábháladh é. 14 Tá Ephraim tar éis me ' ghríosadh chun feirge lena shearúsáibh, agus tiocfaidh a chuid fola air, agus agróidh a Thiarna a tharcaisne air.

Caib. a Tridéag

Breitheanna ó Dhia ar Israél mar gheall ar a bpeacaíbh. Fuasclóidh Críost iad sa deireadh.

1 Nuair a labhair Ephraim tháinig uathás ar Israél: agus dhein sé peacaí i mBaal agus d'éag sé. 2 Agus anois tá tuilleadh agus tuilleadh peacaí déanta acu, agus tá rud leachta déanta acu dhóibh féin dá gcuid airgid i samhaltas íodal: obair cheárdaithe is ea é ar fad: dóibh sin adeir: Bídh ag íbirt daoine, sibhse a bhíonn ag adhradh gamhan. 3 Dá bhrí sin beid siad mar ' bheadh scamall na maidine, agus ar nós drúchta na lóchainte, a dh'imíonn chun siúil, ar nós an cheóigh a scuabtar le gaoith guarnain as an úrlár; agus ar nós an deataigh as an simné. 4 Ach do Thiarna Dia as tír na hÉigipte, agus ní aithneóir aon Dia ach me, agus níl aon tslánaitheóir dom éaghmais. 5 D'aithníosa thu san uaigneas, i dtalamh an fhiantais. 6 De réir a bhfosaíochta do líonadh iad agus bhíodar lán. Agus d'árdaíodar suas a gcroí, agus tá dearúd déanta acu dhíom. 7 Agus beadsa dhóibh mar ' bheadh león bhaineann, mar ' bheadh an león breac i slí na nAssúiríanach. 8 Buailfead úmpu mar ' bheadh beithir gur guideadh a coileáin uaithi, agus stracfad ineachar a n-ae, agus íosfad iad ar an áit sin mar ' dhéanfadh león, stracfaidh beithíoch an mhachaire iad.

9 Leat féin an íde, a Israél. Níl do chabhair ach amháin ionamsa. 10 Ca bhfuil do rí? Anois nú riamh sábháladh sé thu id chathrachaibh go léir. Agus do bhreithiúin ar a ndúraís: Tabhair dom ríthe agus príúnsaí. 11 Tabharfadsa dhuit rí im fheirg, agus tógfad chun siúil é im dhíbheirg. 12 Tá mallitheacht Ephraim ceangailte suas. Tá a pheaca i bhfolach. 13 Tiocfaid air guaiseanna mná seolta, mac gan eagna é féin. Óir anois ní sheasóidh sé i mbriseadh na clainne. 14 Fuasclódsá iad amach a láimh an bháis. Ceannód ón mbás iad. A bháis, is mise ' chuirfidh chun báis thu (nú, is mise ' bheidh mar bhás agat. Nú, is mise an bás atá geallta dhuit, mise do bhás. Nú, mise a bhásóidh thu). A ifreann, mise do ghreim béil: tá sólas i bhfolach óm shúilibh. 15 Óir déanfaidh sé deighilt idir bhráithribh. Tabharfaidh an Tiarna leis gaoth lasrach ag éirí as an uaigneas agus triomóidh sí a thuibreacha fíoruisce, agus déanfaidh sí a thobar uaigneach. Agus béarfaidh sé chun siúil stóras gach árthaigh luachmhair.

31 Caib. 12. véar. 11. "*Más íodal Galaad*". .i. Más cuma nú íodal Galaad féin, agus a bhfuil d'íodalaibh agus d'íbirtíbh aige, ó tá Teglatphalasar tar éis íde ' dhéanamh air, ná fuil sé fuar ag pé treabhchas beag daoine atá fágtha i nGalgal bheith ag brath air go ndéanfaid na hídail atá acu dá adhradh san áit sin aon tairbhe dhóibh!

Caib. a Ceathairdéag

Samaria le hídiú. Aithrí dá chómhairliú. Maitheas Dé don aithríoch trí Chríost.

1 Íde ar Shamaria³², óir tá sí tar éis a Dia do ghríosadh chun searúis. Titidís leis an gclaíomh. Buailtear a ndaoine beaga i gcoinnibh na talún. Geárrthar ar oscailt a mná torthacha! 2 Iompaigh, a Israél, chun do Thiarna Dia, óir táir titithe ar lár tríd mhallaitheacht. 3 Tógaidh libh bréithre agus iompaídh chun an Tiarna, agus abraidh leis: Tóg chun siúil gach mallaitheacht, agus glac an mhaith, agus tabharfaimíd gamhna ár mbeól uainn. 4 Ní shábhálfaidh Assúiria sinn feasta, ní dhéanfaimíd marcaíocht ar eachaibh, ná ní déarfaimíd a thuilleadh: Is iad oibreacha ár lámh ár ndéithe, óir déanfairse trócaire ar an ndílleachtaí atá ionat.

5 Cneasód a gcneáthacha. Tabharfad grá dhóibh go fonnmhar, óir tá m'fhearg iompaithe uathu. 6 Bead ar nós drúchta, agus beidh Israél ag fás ar nós lile. Agus beidh a phréamh ag péacadh amach mar phréamh Libanuis. 7 Beid a ghéaga ag leathadh, agus beidh a ghlóire ar nós an chraínn ola, agus beidh a bhalaith mar bhalaith Libanuis. 8 Iompófar chun Dé iad san a bheidh 'na suí féna scáil: beid siad ag maireachtaint ar chrithneacht, agus beidh siad fé bhláth ar nós fíniúna. Beidh a *mhemoriále* sin ar nós fiona Libanuis. 9 Beidh Ephraim dhá rá: Cad é sin dómhsa feasta na híodail? Éistfead leis agus cuirfead ag borradh é ar nós an chraínn ghlais ghiúise: uaimse atá do thoradh dá fháil.

10 Cé hé atá eagnaí, agus tuigfidh sé na nithe sin? Tuisceanach, agus cuirfidh sé eólas orthu? Óir táid slithe an Tiarna ceart, agus is iontu do shiúlóid na fíoraein: ach beid lucht iomarbhais ag titim iontu.

Nótaí

2 “*Baali*”, “*a Thiarna*”: this is a mistranslation, as the Hebrew word *Baali* means *mo Thiarna*.

4 *A shagartaibh*: this is the vocative plural. PUL commented on *-ibh* in NIWU (p137): “*A fhearaibh Éirean*. It is a mistake to look upon the Irish termination *-ibh* as belonging exclusively to the dative and ablative plural. It is used in the nominative, accusative and vocative plural as well. *Do lúb an fear láidir a ghlúinibh*. (*Mo Sgéal Féin*, p. 95.) It is far older than the Latin *-ibus*, and wider in its meaning”.

5 *Mar gheall [ar] chómhcheilg*: the word *ar* was omitted in the manuscript and is added here to complete the sense.

5 *Tá a mbeartúcháin*: there is some confusion in the manuscript here. It seems PUL originally wrote *táid a mbeartúcháin*, and then opted for the singular (given that such nouns may be used in the singular where the English is plural), *tá a mbeartúchán*, and then he noticed that the next clause referred back to this with *táid siad*. Subsequently, *mbeartúchán* was amended to *mbeartúcháin* without adjusting *tá* back to *táid*.

32 Caib. 14. véar. 1. “*Íde ar Shamaria*”. Ní heascaine an chainnt sin, ná guídeoireacht. Targaireacht is ea í dhá ínsint cad a bhí le teacht ar Shamaria toisc gur ghríos sí fearg Dé.